



CAIRDE NA SCOILE *Nuachtlitir* *Earrach 2018*

Fáilte go Nuachtlitir an Earraigh ó Chairde na Scoile! Bhí 6 mhí an-ghnóthach againn ó thus na scoilbhliana. I measc na n-imeachtaí, bhí Dioscó Oíche Shamhna, Cártaí Nollag agus dhá bhailiúchán éadaí. Mar is eola daoibh, táimid ar bís faoin Chath Bheolbheachtaithe ar son na scoile a bheidh ar siúl Dé Sathairn, an 21-04-18.

Cath Bheolbheachtaithe

Bhíomar an-ghnóthach ag eagrú príomh imeacht tiomsaithe airgid na blain seo: Cath Bheolbheachtaithe GBB. Tá an-chuid oibre ag dul ar aghaidh lena chuinntiú go n-éireoidh thar cinn leis an oíche. Tá na postaeir in airde sa trácht agus tá an imeacht beo ar Facebook agus ticéid ar díol!

Tá na taibheoirí (21 idir thuistí agus múinteoirí) agus an criú ag obair go dian dícheallach chun seó beo bríomhar a chur ar fáil ar an oíche. Beidh éagsúlacht mhór ar an oíche le gach éinne a shásamh. Beidh tú idir gáire agus deora agus do'd cheistiú féin 'Ar tharla sé sin?' agus tar aon ní eile, bainfidh tu sult as!

Tá na ticéid ar díol tri bhealaigh éagsúla. €25 an costas ar thicéad amháin a chludaíonn seó den scoth, bia, dj agus beár déanach. Is linne an t-ionad don oíche agus ní scaoilfear éinne isteach gan ticéad. Caithfidh tú bheith 18+ chun freastail ar an imeacht seo.

Is féidir ticéid a cheannach mar seo a leanas:

- an clúdach litreach a d'imigh abhaile sna málaí a úsáid
- ó Linda san oifig
- ó bhall de choiste Chairde
- ó dhuine de na taibheoirí
- ar líne trí Eventbrite

<https://www.eventbrite.ie/e/gsbb-2018-lip-sync-battle-tickets-43835382810>

Cóineartú

Chuir Cairde fáilte roimh chlainne an Chóineartaithe in Ionad Paróiste Naomh Crónán, tar éis an Chóineartaithe ar an 13-02-18. Míle buíochas as na tuismitheoirí a chabhraigh agus comhghairdeas dar ndóigh do pháistí Rang 6.

Céad Chomaoineach

Beidh an Chéad Chomaoineach i mbliana ar siúl ar an Satharn, an 19-05-18. Cuirfidh Cairde na Scoile fáilte roimh na páistí agus a gclanna ar ais sa scoil an lá sin. Beimid ag lorg cabhrach mar is gnáth don ócáid seo idir bia roimh re agus cúnamh ar an lá. Beidh nóta ag dul abhaile níos cóngaraí don dáta ag lorg tacaíochta. Táimid an-bhuíoch as aon chabhair a fhaighimid. Th

Bag to School

Beimid ag bailiú éadaí arís trí [bag2school.ie](http://www.bag2school.ie) ar an 25-05-18.

Féach: http://www.bag2school.ie/irl/about_us/.

Cáisc Shona daoibh go léir agus bíodh briseadh deas ag gach éinne.

Le meas,
Cairde na scoile



Coinnigh súil ar ár leathanach Facebook d'imeachtaí nua agus nuacht.

<https://www.facebook.com/CairdeNaScoile>